GA

GA GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 16.11.2010
COIM(2010) 624 leagan deireanach

2010/0312 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le meicníocht mheastóireachta a bhunú chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú**

GA

GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é cuspóir an Rialacháin atá beartaithe creat dlíthiúil a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cuí *acquis* Schengen. Cruthaíodh an mheicníocht mheastóireachta chun muinín fhrithpháirteach a choimeád idir na Ballstáit maidir lena gcumas na bearta tionlacain a chur i bhfeidhm go héifeachtach éifeachtúil, ionas go mbeidh sé indéanta limistéar gan teorainneacha inmheánacha a choimeád.

Ba cheart gurbh iad cuspóirí ginearálta na meicníochta nua cur chun feidhme trédhearcach, éifeachtach agus comhleanúnach *acquis* Schengen a áirithiú fad is a chuirtear san áireamh na hathruithe ar an staid dhlíthiúil tar éis *acquis* Schengen a chomhtháthú i gcreat an Aontais Eorpaigh.

I gClár na Háige 2004 – an clár ilbhliantúil maidir le ceartas agus gnóthaí baile – iarradh ar an gCoimisiún a luaithe a bheadh díothú rialuithe ar theorainneacha inmheánacha curtha i gcrích, togra a thíolacadh chun meicníocht mheastóireachta Schengen atá ann cheana a fhorlíonadh le meicníocht mhaoirseachta, rud a áiritheoidh go mbeadh saineolaithe na mBallstát páirteach go hiomlán, agus lena n-áireofar cigireachtaí gan réamhfhógra.

Mar fhreagra ar an iarraidh sin agus d'fhonn meicníocht mheastóireachta Schengen a ionchorprú i gcóras dlí an CE agus na laigí a sonraíodh sa chóras atá ann faoi láthair a réiteach, ghlac an Coimisiún dhá thogra[1] i mí an Mhárta 2009 maidir le meicníocht athbhreithnithe i ndáil le meastóireacht Schengen. Bhí gá le dhá ionstraim dhlíthiúla ar leithligh (Rialachán 'céad cholún' agus Cinneadh 'tríú colún') chun limistéar iomlán comhair Schengen a chumhdach i gcreat comhtháite. I mí Dheireadh Fómhair 2009, dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa do na tograí seo. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis agus na tograí á nglacadh trí chomhchinnteoireacht.

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, níl feidhm le togra an 'tríú colún' a thuilleadh. Tarraingíodh siar in Ollteachtaireacht mhí na Nollag 2009[2] é.

De réir Chlár Stócólm[3], a ghlac an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2009, meastar go leanfaidh an mheastóireacht ar limistéar Schengen de bheith ríthábhachtach agus gur cheart, dá bhrí sin, í a fheabhsú trí ról Frontex sa réimse seo a neartú.

Dá bhrí sin, tá an togra nua á chur ar aghaidh anois. Ag an am céanna, tarraingítear siar an togra bhí ann roimhe seo agus atá ann fós (Rialachán 'céad cholún').

Cuirtear san áireamh sa togra nua sin, na pléití a tionóladh sa Chomhairle ar thograí mhí an Mhárta 2009. Moltar ann, go háirithe, ról níos mó a bheith ag na Ballstáit sa mheicníocht mheastóireachta, d'fhonn muinín fhrithpháirteach a chothú agus d'fhonn solúbthacht níos mó a sholáthar i gcur chun feidhme na meicníochta. Moltar comhchinnteoireacht a úsáid mar a nós

---

1 COIM(2009) 102 agus COIM(2009) 105.

2 COIM(2009) 665 leagan deireanach.

3 Doiciméad 17024/09 ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle Eorpach an 10/11 Nollaig 2009.

imeachta reachtach agus moltar Parlaimint na hEorpa a bheith ina rannpháirtí iomlán i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. D'fhonn trédhearcacht a fheabhsú, moltar tuarascálacha rialta a chur faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte maidir leis na meastóireachtaí a dhéantar, na conclúidí a fhaightear ó mheastóireachtaí agus bearta leantacha a dhéanann na Ballstáit lena mbaineann.

- **Comhthéacs ginearálta**

An limistéar gan teorainneacha inmheánacha arna bhunú le *acquis* Schengen – limistéar Schengen – laistigh de chreat idir-rialtais i mblianta deireanacha na n-ochtóidí agus blianta luatha na nóchaidí, is limistéar é a d'fhorbair na Ballstáit ar theastaigh uathu rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a dhíothú agus na bearta tionlacain a chur chun feidhme chuige sin, bearta amhail rialacha comhchoiteanna maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, beartas comhchoiteann maidir le víosaí, comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach agus Córas Faisnéise Schengen a bhunú. Níorbh fhéidir rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a dhíothú faoi chuimsiú an Chomhphobail toisc nach raibh na Ballstáit ar aon fhocal faoina ndíothú d'fhonn cuspóir saorghluaiseachta daoine a bhaint amach (Airteagal 14 de Chonradh CE). Le himeacht na mblianta, áfach, tá na Ballstáit ar fad a bhí ann an tráth sin, seachas an Ríocht Aontaithe agus Éire, páirteach i limistéar Schengen anois.

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Amstardam[4] i 1999, ba chuid de chreat an Aontais Eorpaigh *acquis* Schengen.

Tá limistéar Schengen bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach a bheith idir na Ballstáit maidir lena gcumas na bearta tionlacain a chur chun feidhme ina n-iomláine, rud a fhágann gur féidir rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint. Mar shampla, déanann na Ballstáit seiceálacha ar theorainneacha seachtracha, ní hamháin chun a leasanna féin a chosaint ach freisin ar son na mBallstát ar fad eile a bhféadfadh daoine taistil chucu nuair a bheadh teorainneacha seachtracha limistéar Schengen trasnaithe acu.

D'fhonn an mhuinín fhrithpháirteach seo a ghnóthú agus a chothú, bhunaigh Ballstáit Schengen Buanchoiste i 1998. Tá sainordú an Choiste leagtha amach i gCinneadh ó Choiste Feidhmiúcháin Schengen (SCH/Com-ex (98) 26 def) agus tá dhá chúram ar leithligh ann.

1. fíorú an bhfuil na réamhchoinníollacha ar fad chun *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm (i.e. rialuithe ar theorainneacha a bhaint) comhlíonta ag na Ballstáit a dteastaíonn uathu bheith páirteach i Schengen ('cur i bhfeidhm');

2. fíorú go bhfuil *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm go cuí ag na Ballstáit a bhfuil an *acquis* á chur chun feidhme acu ('cur chun feidhme').

Ar an mbealach sin, déanann an mheicníocht idirdhealú idir 'cur i bhfeidhm' agus 'cur chun feidhme.' Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, ní mór seiceálacha a dhéanamh chun a chinneadh go bhfuil na coinníollacha maidir le muinín fhrithpháirteach comhlíonta sular féidir an *acquis*

[4] Chuige sin, níor mhór *acquis* Schengen a shainmhíniú (Treoir 1999/435/CE ón gComhairle, IO L 176, 10.7.1999, lch. 1) agus an bunús dlí a chinneadh sna Conarthaí maidir le gach foráil nó Cinneadh a bhí mar chuid den *acquis* sin (Cinneadh 1999/436/CE, IO L 176, 10.7.1999, lch. 17). Tugadh bunús dlí do gach foráil den *acquis* faoin gcéad cholún nó faoin tríú colún. Measadh gur faoin tríú colún a tháinig na forálacha sin de *acquis* Schengen nár féadadh bunús dlí aonair a chinneadh ina leith (i.e. forálacha Córas Faisnéise Schengen). Ní mór bunús dlí iomchuí a bheith ag na leasuithe ar fad ar an *acquis* seo faoi na Conarthaí.

a chur i bhfeidhm. Ar an dara dul síos, ní mór an mhuinín fhrithpháirteach a chothú ansin trí chur chun feidhme ceart an *acquis* a dhearbhú. Bhí gá le forálacha sonracha chun an cur chun feidhme cuí a fhíorú le linn chéim idir-rialtais Schengen.

Comhtháthaíodh *acquis* Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh sula ndearnadh athchaibidliú air. Glacadh leis an mBuanchoiste agus sainordú 1998 gan athrú dá bhrí sin, ach amháin gur tugadh Grúpa Oibre Meastóireachta Schengen (SCH-EVAL) ar an mBuanchoiste sa Chomhairle.

I bhfianaise an bhunúis idir-rialtais, bhí meastóireacht Schengen go hiomlán i lámha na mBallstát, agus tá fós, agus an Coimisiún páirteach mar bhreathnóir. Is cur chuige loighciúil é sin fós maidir leis an gcéad chuid den sainordú, toisc nach bhfuil aon rud in *acquis* ceartas agus ghnóthaí baile an AE atá cosúil leis an idirdhealú a dhéantar idir 'cur i bhfeidhm' agus 'cur chun feidhme'. Ina theannta sin, le linn mhéaduithe 2004 agus 2007, leagadh síos sna conarthaí aontachais, i.e. sa dlí príomhúil, an nós imeachta cinnteoireachta maidir le rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint agus maidir le *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine. Sna hIonstraimí Aontachais rinneadh foráil do Chinneadh ón gComhairle, cinneadh a dhéanfar tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa. Níl ceart tionscnaimh beartaithe don Choimisiún.

Ní an cur chuige seo chomh loighiciúil céanna maidir leis an dara cuid den sainordú, áfach. Dá bhrí sin, tráth chomhtháthú an *acquis*, d'eisigh an Coimisiún ráiteas inar luaigh sé gur mheas sé nach mbeadh aon éifeacht ag comhtháthú Chinneadh an Choiste Feidhmiúcháin lena mbunaítear Buanchoiste Coinbhinsiúin chun Schengen a Chur chun Feidhme (SCH/Com-ex (98( 26 def an 16.9.1998) i gcreat an Aontais ar na cumhachtaí arna n-aistriú ag na Conarthaí chuige agus go háirithe a fhreagracht mar chaomhnóir na gConarthaí.

Toisc gur rud bunúsach do na Ballstáit é meastóireacht a dhéanamh roimh an gcur i bhfeidhm, d'fhonn muinín fhrithpháirteach a bhaint amach, dealraíonn sé go mbeadh sé réasúnta an méid sin a fhágáil faoi fhreagracht na mBallstát. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag glacadh páirte iomláine mar bhreathnóir sna meastóireachtaí sin.

Ní hionann na freagrachtaí éagsúla sin agus caighdeáin éagsúla mheastóireachta a bheith ann, áfach, ach is léiriú iad ar an gcaoi a fheidhmíonn na hinstitiúidí éagsúla. Féadfaidh an Chomhairle Cinneadh a dhéanamh freisin an struchtúr beartaithe a úsáid d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar na Ballstáit sula ndéanfar na rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint.

- **An gá atá le meastóireacht ar chur i bhfeidhm cuí an *acquis* a fheabhsú**

Ó 1999 i leith, bhí roinnt plé idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le meicníocht mheastóireachta Schengen a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe maidir leis an dara cuid den sainordú, eadhon cur i bhfeidhm cuí an *acquis* a fhíorú tar éis na rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint. Sainaithníodh na príomhlaigí seo a leanas:

(1) Níl an mheicníocht mheastóireacht reatha leordhóthanach. Níl na rialacha maidir le comhsheasmhacht agus minicíocht na meastóireachtaí soiléir. Ní dhéantar aon chuairt ar an láthair gan réamhfhógra.

(2) Is gá modh a fhorbairt chun tosaíochtaí a shocrú, bunaithe ar anailís riosca.

(3) Is gá saineolas atá ar ardchaighdeán i gcónaí a áirithiú le linn na meastóireachta. Ba cheart leibhéal leordhóthanach saineolais ar an dlí agus taithí praiticiúil a bheith ag na saineolaithe a bheidh páirteach sa mheastóireacht. D'fhéadfadh sé gur chun dochar éifeachtúlacht an chleachtaidh a bheadh sé saineolaí ó gach Ballstát a chur chuig gach cuairt ar an láthair. Ní mór líon cuí saineolaithe a chinneadh a bheidh páirteach sna cuairteanna.

(4) Is gá feabhas a chur ar an meicníocht iarmheastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar na bearta leantacha arna ndéanamh tar éis a moltar i ndiaidh na gcuairteanna ar an láthair, toisc go bhfuil éagsúlachtaí ann, ag brath ar an mBallstát, maidir leis na bearta a ghlactar chun easnaimh a réiteach agus maidir leis an am ina réitítear iad.

(5) Níl an fhreagracht institiúideach atá ar an gCoimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí léirithe sa chóras reatha meastóireachta.

Tá na pointí seo a leanas dírithe ar na laigí arna n-aithint sa mheicníocht atá ann faoi láthair:

**Modh meastóireachta agus ról Frontex**

Tugann an togra seo isteach cláir ilbhliantúla agus cláir bhliantúla maidir le cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra agus cuairteanna ar an láthair le réamhfhógra araon. Leanfar de bheith ag déanamh meastóireachta ar na Ballstáit ar bhonn rialta d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go cuí an *acquis* ina iomláine. Beidh gach cuid de *acquis* Schengen faoi réir meastóireachta.

Féadfaidh an mheastóireacht seo a bheith bunaithe ar cheistneoirí, ar chuairteanna ar an láthair nó ar an dá cheann i dteannta a chéile.

Le blianta beaga anuas, níor mheas na Ballstáit go raibh sé riachtanach meastóireachtaí ar an toirt a dhéanamh ar chomhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla nó ar airm agus drugaí. Ní raibh cosaint sonraí i gcónaí faoi réir meastóireachtaí ar an láthair ach oiread.

Mar sin féin, níl cuairteanna ar an láthair srianta do theorainneacha seachtracha agus víosaí, ach d'fhéadfadh gach cuid de *acquis* Schengen a bheith i gceist, lena n-áirítear na forálacha maidir le rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint. Mar sin féin, chomh fada agus a bhaineann le hairm, nuair a comhtháthaíodh an *acquis* i gcreat an AE, cuireadh Treoir 91/477/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1991 maidir le héadáil agus seilbh arm a rialú[5] in ionad forálacha ábhartha *acquis* Schengen. Tugadh de chúram don Choimisiún trasuíomh cuí na Treorach sin a fhíorú, i gcomhréir leis an gConradh. Ós rud é nár cheap na Ballstáit riamh gur ghá na meastóireachtaí a dhéanamh ar an toirt, ní gá fíorú thrasuíomh cuí na Treorach seo a áireamh sa togra.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil foráil déanta i ndlí an AE atá ann cheana féin do mheastóireacht ar leithligh, ní gá meastóireacht bhreise a dhéanamh laistigh de chomhthéacs na meicníochta seo, ach is gá *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm, agus é sin amháin.

I gcás cosanta sonraí go háirithe, rud a bhfuil feidhm aige go cothrománach ar gach réimse beartais sa bhreis ar bheith mar chuid de *acquis* Schengen, ba cheart go ndíreodh an mheastóireacht ar na gnéithe cosanta sonraí a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen agus a

---

[5] IO L 256, 13.9.1991, lch. 51.

bheidh le tabhairt i gcrích i gcomhthéacs mheastóireachtaí Chóras Faisnéise Schengen, d'fhonn na sineirgíochtaí atá ann cheana a smachtú.

Cinnfidh an Coimisiún an gá sonrach atá le cuairteanna ar an láthair, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus ag cur san áireamh athruithe ar an reachtaíocht, ar nósanna imeachta nó ar eagraíocht an Bhallstáit lena mbaineann mar aon leis an anailís riosca arna soláthar ag Frontex maidir le teorainneacha seachtracha agus víosaí.

Ina theannta sin, féadfar meastóireachtaí téamacha nó réigiúnacha a áireamh sa chlár bliantúil más gá.

Sa bhreis ar na meastóireachtaí rialta sin, féadfar cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra ar bhonn na hanailíse riosca arna soláthar ag Frontex nó ag foinse ar bith eile a léiríonn an gá atá le cuairt gan réamhfhógra a dhéanamh.

Féadfar cláir ilbhliantúla agus cláir bhliantúla araon a oiriúnú más gá.

**Saineolas na mBallstát**

Tá saineolaithe na mBallstát bainteach freisin le cur i bhfeidhm cuí dhlí an AE a fhíorú i réimsí eile, e.g. dlí maidir le slándáil eitlíochta agus mara. Ceadaítear le cur chun feidhme cuí na mbeart tionlacain, rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint agus is cuid bhunúsach de shlándáil inmheánach na mBallstát é sin. Dá bhrí sin, leanfaidh saineolaithe ó na Ballstáit de ról lárnach a bheith acu sa phróiseas meastóireachta. Beidh siad páirteach i gcuairteanna gan réamhfhógra agus cuairteanna le réamhfhógra araon agus beidh siad bainteach leis na cláir mheastóireachta ilbhliantúla agus bhliantúla a dhréachtú agus freisin leis na cuairteanna ar an láthair, an tuairisciú agus na bearta leantacha, trí bhíthin nós imeachta coiste. D'fhonn leibhéal ard saineolais a ráthú, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag na saineolaithe, lena n-áirítear sáreolas teoiriciúil agus taithí phraiticiúil sna réimsí arna gcumhdach ag an meastóireacht, mar aon le heolas fónta ar na prionsabail, na nósanna imeachta agus na teicnící a bhaineann le cuairteanna ar an láthair.

Ba cheart do na comhlachtaí ábhartha (e.g. Frontex) an oiliúint iomchuí a chur ar fáil agus ba cheart cistí a chur ar fáil do na Ballstáit chun oiliúint shonrach a thairiscint maidir le meastóireacht a dhéanamh ar *acquis* Schengen (e.g. trí oiliúint a thabhairt ar na tosaíochtaí le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais arna nglacadh i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú leis an gCiste um Theorainneacha Seachtracha)[6].

Ó tharla gur gá líon na saineolaithe a laghdú d'fhonn meastóireacht éifeachtúil ar an toirt a áirithiú, níor cheart ach ochtar ar a mhéad a bheith páirteach i gcuairteanna gan réamhfhógra. Toisc go bhféadfadh sé bheith níos deacra saineolaithe a chur ar fáil ar gearrfhógra chun cuairteanna gan réamhfhógra a dhéanamh, níor cheart ach seisear a bheidh páirteach sna cuairteanna sin.

Ós rud é nach gcuirfidh cur chun feidhme cuí bearta chun saorghluaiseacht daoine a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 26 den Chonradh ar an Aontas Eorpach isteach ar shlándáil inmheánach na mBallstát eile, féadfar meastóireacht ar dhíothú rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a chur ina hiomláine de chúram ar an gCoimisiún. Ba cheart a lua freisin nach bhfuil díothú rialuithe ar theorainneacha inmheánacha cumhdaithe ag an sainordú idir-rialtais.

---

6 IO L 144, 6.6.2007, lch. 22.

**Bearta leantacha tar éis na meastóireachta**

D'fhonn déileáil go héifeachtúil leis na laigí agus leis na heasnaimh arna sainaithint, ba cheart gach toradh sa tuarascáil a aicmiú i gceann amháin de na trí chatagóir seo: comhlíontach, comhlíontach ach feabhas ag teastáil nó neamhchomhlíontach. Laistigh de choicís, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bharúlacha ar an tuarascáil a sholáthar agus, laistigh de mhí amháin tar éis an tuarascáil a ghlacadh, ba cheart dó plean gníomhaíochta a sholáthar d'fhonn na laigí a réiteach. Beidh an Ballstát faoi oibleagáid freisin tuarascáil a thabhairt, laistigh de shé mhí, ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta. Ag brath ar na laigí arna sainaithint, féadfar cuairteanna ar an láthair le réamhfhógra nó cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra a sceidealú d'fhonn cur chun feidhme cuí an phlean gníomhaíochta a fhíorú. I gcás easnamh tromchúiseach, caithfidh an Coimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas gan mhoill.

Ní bheidh aon tionchar aige sin ar chumhacht an Choimisiún nós imeachta um shárú a thionscain ag céim ar bith den mheastóireacht. D'fhéadfadh Ballstát an *acquis* a shárú, e.g. má dhiúltaíonn sé iontráil do dhaoine a bhfuil víosa bailí Schengen arna eisiúint ag Ballstát eile ina seilbh acu. Sna cásanna sin, níl slándáil inmheánach an Bhallstáit i mbaol, ach tá dlí an Aontais á shárú mar sin féin.

***Acquis* Schengen a chomhtháthú i gcreat an Aontais Eorpaigh**

I bhfianaise fhreagrachtaí an Choimisiúin faoin gConradh, is riachtanach go rachaidh an Coimisiún i gceannaireacht ar phróiseas meastóireachta Schengen chun go bhféadfaidh sé cur i bhfeidhm cuí an *acquis* a mheas tar éis rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint. Mar sin féin, tá saineolas na mBallstát tábhachtach freisin ionas go mbeifear in ann cur chun feidhme ar an toirt a fhíorú agus muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a chothú.

Is ar bhuiséad an AE a bheidh costais rannpháirtíochta shaineolaithe na mBallstát.

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin lena mbunaítear Buanchoiste Coinbhinsiúin chun Schengen a Chur chun Feidhme (SCH/Com-ex (98) 26 def an 16.9.1998).

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartais reatha agus le cuspóirí reatha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an cuspóir maidir le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú agus a choimeád.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

Ó 1999 i leith, reáchtáladh roinnt pléití laistigh de Ghrúpa Oibre na Comhairle ar 'Meastóireacht Schengen' d'fhonn meicníocht mheastóireachta Schengen a dhéanamh níos éifeachtaí. D'aontaigh an grúpa, mar shampla, líon na saineolaithe a bheidh páirteach sna meastóireachtaí a theorannú. Níl an comhaontú sin ceangailteach ó thaobh dlí de, áfach, agus tá sé de cheart ag gach Ballstát saineolaí a sheoladh ar cuairteanna meastóireachta, rud a chruthaíonn deacrachtaí uaireanta i dtaobh a áirithiú go bhfeidhmíonn na cuairteanna seo go rianúil. Pléadh minicíocht agus modheolaíocht na meastóireachtaí sin freisin.

I mí Aibreán 2008, d'eagraigh an Coimisiún cruinniú de shaineolaithe. D'aontaigh na Ballstáit leis an measúnú ar na laigí arna sainaithint ag an gCoimisiún. Cé gur admhaigh na Ballstáit gur ghá an mheicníocht reatha a athrú, b'ábhar imní do chuid acu ról institiúideach an Choimisiún i meicníocht mheastóireachta nua Schengen.

Pléadh tograí mhí an Mhárta 2009 i nGrúpa Oibre ábhartha na Comhairle le linn na dtrí chruinniú ar an gcur chuige ginearálta agus trí chinn eile ar ábhair ghinearálta[7]. Dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa do na tograí an 20 Deireadh Fómhair 2009[8]. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún dul i gcomhairle léi agus na tograí á nglacadh trí chomhchinnteoireacht. Idir an dá linn, tá Grúpa Meastóireachta Schengen ag obair chun na modhanna oibre reatha a fheabhsú. Cuirtear san áireamh sa togra nua seo na pléití a tionóladh sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa ar thograí mhí an Mhárta 2009.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Déantar foráil san ionstraim do mheicníocht mheastóireachta nua Schengen d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme *acquis* Schengen go trédhearcach, go héifeachtach agus go comhleanúnach. Léiríonn sé freisin na hathruithe ar an staid dhlíthiúil tar éis *acquis* Schengen a chomhtháthú i gcreat an Aontais Eorpaigh

- **Bunús dlí**

- Airteagal 77(2)(e) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

  Déantar foráil in Airteagal 77 do dhíothú rialuithe ar theorainneacha inmheánacha mar chuspóir deireanach den sprioc limistéar saorghluaiseachta daoine laistigh den Aontas Eorpach a bhaint amach, mar atá leagtha síos in Airteagal 26 den CFAE. Ní mór bearta a bheith ag gabháil le díothú na rialuithe ag teorainn inmheánach ar bearta sna réimsí seo a leanas iad: teorainneacha seachtracha, beartas víosa, Córas Faisnéise Schengen, cosaint sonraí, comhar póilíneachta, comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla agus beartas drugaí. Má chuirtear na bearta seo i bhfeidhm go cuí, beifear in ann limistéar a choimeád gan rialuithe ar theorainneacha inmheánacha. Dá bhrí sin, fónann an mheastóireacht ar chur i bhfeidhm cuí na mbeart sin don ollchuspóir beartais maidir leis an limistéar a choimeád saor ó rialuithe ar theorainneacha inmheánacha.

- Coimhdeacht agus comhréireacht

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ní féidir cuspóir an Rialacháin bheartaithe, eadhon meicníocht mheastóireacht Schengen atá ann cheana a dhéanamh níos éifeachtúla, ar fhreagracht de chuid na Comhairle é faoi láthair, a bhaint amach ach ar leibhéal an AE amháin.

Tá an togra seo laistigh den chreat reatha ach cuireann sé teorainn le líon na saineolaithe is féidir a bheith páirteach agus déanann sé an éifeachtúlacht a fheabhsú. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach.

---

[7] Doiciméid 11076/09, 11087/09, 13831/1/09 agus 13832/09.
[8] A7-0034/2009.

- **Rogha na hionstraime dlí**

Mar gheall ar an gcineál meicníochta atá i gceist leis, ní éileoidh meicníocht mheastóireachta a áiritheoidh cur i bhfeidhm cuí dhlí an AE aon ghníomhaíocht ó na Ballstáit chun é a thrasuíomh i ndlí náisiúnta. Ar an gcúis sin, is é Rialachán an ionstraim a roghnaítear.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá ráiteas buiséadach i gceangal leis an togra seo. Níor mhór acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar an gCoimisiún, agus beidh an Coimisiún freagrach as meicníocht mheastóireachta nua Schengen. Aisíocfar na costais a thabhóidh saineolaithe na mBallstát.

## 5. FAISNÉIS BHREISE

**Iarmhairtí na bprótacal éagsúil atá i gceangal leis na Conarthaí agus iarmhairtí na gComhaontuithe Comhlachais arna gcur i gcrích le tíortha nach bhfuil san AE**

Is é Teideal V, Cuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo. Beidh feidhm, dá bhrí sin, ag an gcóras geoiméadrachta athraithí dá bhforáiltear sna prótacail ar sheasamh na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus na Danmhairge agus i bprótacal Schengen.

Cuireann an togra seo le *acquis* Schengen. Ní mór na hiarmhairtí seo a leanas do na prótacail éagsúla a chur san áireamh dá bhrí sin.

**An Ríocht Aontaithe agus Éire:** Déantar foráil sa togra seo do mheicníocht mheastóireachta d'fhonn limistéar a choimeád gan rialuithe ar theorainneacha inmheánacha, limistéar nach mbeidh an Ríocht Aontaithe ná Éire páirteach ann, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann bheith páirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen agus Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2002 maidir le hiarraidh na hÉireann bheith páirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen. Dá bhrí sin, ní bheidh an Ríocht Aontaithe ná Éire páirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

**An Danmhairg**: Faoin bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg páirteach i nglacadh na mbeart ag an gComhairle faoi Theideal IV de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, seachas bearta ag Cinneadh na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu nuair a bheidh teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu, nó ar bhearta maidir le formáid comhionann do víosaí".

Cuireann an togra seo le *acquis* Schengen. Faoi Airteagal 4 den Phrótacal, ní mór don Danmhairg, Cinneadh a dhéanamh "laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle beart a ghlacadh ar thogra nó tionscnamh chun cur le *acquis* Schengen [faoi fhorálacha Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh]... an gcuirfidh sí an Cinneadh sin chun feidhme ina dlí náisiúnta".

**Éifeachtaí an nós imeachta dhá chéim maidir le hionstraimí cur chun feidhme a chuireann le *acquis* Schengen ar an mBulgáir, ar an gCipir agus ar an Rómáin:**

Luaitear in Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003[9] agus in Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005[10] go mbeidh forálacha *acquis* Schengen agus na hionstraimí a chuireann leis nó atá bainteach leis ar bhealach eile, arna liostú in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis na hIonstraimí sin faoi seach, ina gceangal agus infheidhme sna Ballstáit lena mbaineann ó dháta an aontachais. Cé go mbeidh forálacha agus ionstraimí nach dtagraítear dóibh sna hIarscríbhinní ina gceangal ar na Ballstáit sin ó dháta an aontachais, ní bheidh feidhm leo sna Ballstáit sin ach amháin faoi bhun Cinnidh ón gComhairle ina leith sin, a ghlacfar i gcomhréir leis na hAirteagail sin.

Is é seo an nós imeachta dhá chéim trína bhfuil forálacha ar leith de *acquis* Schengen ceangailteach agus infheidhme ó dháta an aontachais leis an Aontas ach trína bhfuil forálacha eile, go háirithe iad sin a bhfuil dlúthbhaint acu le rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint, ceangailteach ó dháta an aontachais ach infheidhme sna Ballstáit nua trí Chinneadh ón gComhairle ina leith sin amháin.

Sonraítear leis an ionstraim seo conas a áirithiú go gcuirfear an *acquis* chun feidhme tar éis na rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a bhaint.

**An Iorua agus an Íoslainn:** Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, déanann an togra seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen dá bhforáiltear leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[11].

**An Eilvéis:** Maidir leis an Eilvéis, déanann an togra seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an mbaint atá ag Cónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[12].

**Lichtinstéin:** Maidir le Lichtinstéin, déanann an togra seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[13].

---

9 IO L 236, 23.10.2003, lch. 33.
10 IO L 157, 21.6.2005, lch. 29.
11 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
12 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
13 IO L 83, 26.3.2008, lch. 3.

2010/0312 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le meicníocht mheastóireachta a bhunú chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(e) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí Náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá limistéar Schengen atá gan rialuithe ar theorainneacha inmheánacha ag brath ar na Ballstáit bearta tionlacain a chur i bhfeidhm go héifeachtach éifeachtúil sna réimsí seo a leanas: teorainneacha seachtracha, beartas maidir le víosaí, Córas Faisnéise Schengen, lena n-áirítear cosaint sonraí, comhar póilíneachta, comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla agus beartais drugaí.

(2) Le Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998[14] cuireadh Buanchoiste ar bun chun Schengen a mheas agus a chur chun feidhme. Tugadh sainordú don Bhuanchoiste ar an gcéad dul síos, a shuíomh ar comhlíonadh na réamhchoinníollacha uile maidir le rialuithe a bhaint ar theorainneacha inmheánacha le Stát is iarrthóir, agus ar an dara dul síos a áirithiú go bhfuil *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm go cuí ag na Stáit sin a bhfuil an *acquis* ina iomláine á chur chun feidhme acu cheana.

(3) Is gá meicníocht mheastóireachta shonrach chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú toisc an gá atá le hardchaighdeáin aonchineálacha a áirithiú agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm agus an gá atá le hardleibhéal muiníne frithpháirtí a chothú idir na Ballstáit sin ar cuid de limistéar gan rialuithe ar theorainneacha inmheánacha iad. Ba cheart go gcuirfeadh meicníocht dá leithéid le dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit sin.

(4) I gclár na Háige[15], iarradh ar an gCoimisiún a luaithe a bheadh díothú rialuithe ar theorainneacha inmheánacha curtha i gcrích, togra a chur isteach chun meicníocht

---

[14] IO L 239, 22.9.2000, lch 138.

[15] IO C 53, 3.3.2005, lch. 1 (pointe 1.7.1).

mheastóireachta Schengen atá ann cheana a fhorlíonadh le meicníocht mhaoirseachta, rud a d'áiritheodh go mbeadh saineolaithe na mBallstát páirteach go hiomlán, cigireachtaí gan réamhfhógra san áireamh.

(5) Dar le Clár Stócólm[16] go leanfaidh an mheastóireacht ar limistéar Schengen de bheith ríthábhachtach agus gur cheart í a fheabhsú, dá bhrí sin, trí ról Frontex sa réimse seo a neartú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, an mheicníocht mheastóireachta a cuireadh ar bun i 1998 a athbhreithniú maidir leis an dara cuid den sainordú a tugadh don Bhuanchoiste. Ba cheart an chéad chuid den sainordú leanúint de bheith i bhfeidhm mar atá leagtha síos i gCuid I de Chinneadh an 16 Meán Fómhair 1998.

(7) Léiríonn an taithí a fuarthas le linn meastóireachtaí roimhe seo gur gá meicníocht mheastóireachta chomhleanúnach a choimeád a chumhdaíonn gach limistéar faoi *acquis* Schengen seachas na limistéir sin ina bhfuil meicníocht mheastóireachta shonrach cheana féin laistigh de dhlí an AE.

(8) Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag na Ballstáit leis an bpróiseas meastóireachta. Ba cheart na bearta chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh tríd an nós imeachta bainistíochta, dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún.

(9) Ba cheart don mheicníocht mheastóireachta rialacha trédhearcacha, éifeachtúla agus soiléire a chur ar bun maidir le modheolaíocht na meastóireachtaí, maidir le saineolaithe ardcháilithe a thabharfaidh cuairteanna ar an láthair, agus maidir leis na bearta leantacha a eascróidh as torthaí na meastóireachtaí. Ba cheart foráil a dhéanamh sa mhodheolaíocht, go háirithe, do chuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra chun na cuairteanna ar an láthair le réamhfhógra a fhorlíonadh maidir le rialuithe ar theorainneacha agus maidir le víosaí go háirithe.

(10) Ba cheart a áireamh sa mheicníocht mheastóireachta go bhfíorófaí an reachtaíocht ábhartha maidir le díothú rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha agus maidir le díothú seiceálacha laistigh den chríoch náisiúnta. I bhfianaise chineál sonrach na bhforálacha sin nach bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht inmheánach na mBallstát, ba cheart go gcuirfí na cuairteanna ábhartha ar an láthair de chúram ar an gCoimisiún go heisiach.

(11) Ba cheart go dtabharfaí aird ar leith sa mheastóireacht ar chearta bunúsacha agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm

(12) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh[17] (dá ngairfear Frontex anseo feasta) tacú le cur chun feidhme na meicníochta, go háirithe i réimse na hanailíse riosca a bhaineann le teorainneacha seachtracha. Ba cheart don mheicníocht

---

16 Doiciméad 17024/09 ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle Eorpach an 10/11 Nollaig 2009.

17 Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2004 (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1).

bheith in ann freisin, brath ar shaineolas na Gníomhaireachta chun cuairteanna ar an láthair a dhéanamh ar bhonn *ad hoc.*

(13) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an taithí is gá ag na saineolaithe a chuirfear ar fáil do na cuairteanna ar an láthair agus go mbeidh oiliúint shonrach faighte acu chuige sin. Ba cheart do na comhlachtaí iomchuí (e.g. Frontex) an oiliúint iomchuí a chur ar fáil agus ba cheart cistí a chur ar fáil do na Ballstáit le haghaidh tionscnamh a bheidh dírithe ar oiliúint shonrach i réimse na meastóireachta ar *acquis* Schengen trí na hionstraimí airgeadais atá ann cheana agus trí na hionstraimí sin a fhorbairt.

(14) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, mar atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh an Danmhairg páirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm dá bhrí sin. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, faoi Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, a chinneadh laistigh de thréimhse sé mhí tar éis an dáta a nglacfar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(15) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, nach bhfuil an Ríocht Aontaithe páirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann bheith páirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[18]. Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe páirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal air ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(16) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, nach bhfuil Éire páirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn bheith páirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[19]. Dá bhrí sin, níl Éire páirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(17) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen dá bhforáiltear leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[20].

(18) Maidir leis an Eilvéis, is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, dá bhforáiltear leis an gComhaontú a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[21].

---

18 IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.
19 IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.
20 IO L 176, 10.7.1999, lch 36.
21 IO L 53, 27.2.2008, lch 52.

(19) Maidir le Lichtinstéin, is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, dá bhforáiltear leis an bPrótacal a síníodh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen[22].

(20) Maidir leis an gCipir, is gníomh é an Rialachán seo lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, dá bhforáiltear le hAirteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(21) Maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin, is gníomh é an Rialachán seo lena gcuirtear le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, dá bhforáiltear le hAirteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005.

(22) Mar sin féin, ba cheart do shaineolaithe ón gCipir, ón mBulgáir agus ón Rómáin bheith páirteach i meastóireacht ar gach cuid de *acquis Schengen.*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuspóir agus raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo meicníocht mheastóireachta chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú sna Ballstáit a bhfuil feidhm ag *acquis* Schengen ina iomláine maidir leo.

Maidir le saineolaithe ó Bhallstáit nach gcuireann an *acquis* i bhfeidhm ina iomláine fós, i gcomhréir leis an Ionstraim ábhartha Aontachais, beidh siad páirteach mar sin féin i meastóireacht ar gach cuid den *acquis*.

*Airteagal 2*

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo,

Ciallaíonn '*acquis* Schengen', forálacha *acquis* Schengen, mar atá comhtháite i gcreat an Aontais Eorpaigh ag an bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na gníomhartha a chuireann leis nó atá bainteach leis ar bhealach eile.

---

22 IO L 83, 26.3.2008, lch. 3.

*Airteagal 3*

Freagrachtaí

1. Beidh an Coimisiún freagrach as an meicníocht mheastóireachta seo a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le tacaíocht ó chomhlachtaí Eorpacha, mar atá sonraithe sa Rialachán seo.

2. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún chun go mbeidh sé de chumas aige na cúraimí arna dtabhairt dó leis an Rialachán seo a chur i gcrích. Comhoibreoidh na Ballstáit freisin leis an gCoimisiún le linn na gcéimeanna seo a leanas de na meastóireachtaí: ullmhúchán, cuairt ar an láthair, tuairisciú agus bearta leantacha.

*Airteagal 4*

Meastóireachtaí

Féadfaidh ceistneoirí nó cuairteanna ar an láthair a bheith mar chuid de na meastóireachtaí. Féadfar iad araon a fhorlíonadh le cuir i láthair a dhéanfaidh an Ballstát a mbeidh meastóireacht déanta air maidir leis an limistéar a chumhdaítear leis an meastóireacht. Féadfar cuairteanna ar an láthair agus ceistneoirí a úsáid go neamhspleách nó i dteannta a chéile maidir le Ballstáit shonracha agus/nó maidir le limistéir shonracha. Féadfaidh cuairteanna ar an láthair a bheith fógartha nó a bheith gan réamhfhógra.

*Airteagal 5*

Clár ilbhliantúil

1. Déanfaidh an Coimisiún clár meastóireachta ilbhliantúil a bhunú, a chumhdóidh tréimhse cúig bliana, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2), tráth nach déanaí ná sé mhí roimh thús na chéad tréimhse eile cúig bliana.

2. Beidh sa chlár ilbhliantúil liosta na mBallstát a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu gach bliain. Déanfar meastóireacht ar gach Ballstát uair amháin ar a laghad le linn gach tréimhse cúig bliana. Is ar riosca anailíse a bhunófar ord na mBallstát a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu, agus cuirfear san áireamh brú imirceach, slándáil inmheánach, an t-am a d'imigh thart ó rinneadh an mheastóireacht roimhe sin agus an chothromaíocht idir na codanna éagsúla de *acquis* Schengen a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu.

3. Féadfar an clár bliantúil a oiriúnú, más gá, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 6*

Anailís riosca

1. Tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair gach bliain, cuirfidh Frontex anailís riosca faoi bhráid an Choimisiúin ina gcuirfear brú imirceach san áireamh agus ina mbeidh moltaí maidir le tosaíochtaí do mheastóireachtaí na bliana ina dhiaidh sin. Tagróidh na moltaí do chodanna sonracha de na teorainneacha seachtracha agus do phointí sonracha trasnaithe teorann a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu faoi chlár ilbhliantúil na bliana ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún an anailís riosca sin ar fáil do na Ballstáit.

2. Déanfaidh Frontex, faoin spriocdháta céanna atá luaite i mír 1, anailís riosca ar leithligh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ina mbeidh moltaí maidir le tosaíochtaí do mheastóireachtaí a bheidh le cur chun feidhme i bhfoirm cuairteanna gan réamhfhógra ar an láthair an bhliain ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh na moltaí sin bheith bainteach le réigiún ar bith nó le limistéar sonrach agus beidh iontu liosta de dheich gcuid shonracha de na teorainneacha seachtracha agus deich gcinn de phointí sonracha trasnaithe teorann ar a laghad.

*Airteagal 7*

Ceistneoir

1. Cuirfidh an Coimisiún ceistneoir caighdeánach chuig gach ceann de na Ballstáit a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu an bhliain ina dhiaidh sin, tráth nach déanaí ná an 15 Lúnasa an bhliain roimh bhliain na meastóireachta. Cumhdóidh na ceistneoirí caighdeánacha an reachtaíocht ábhartha agus na meáin eagrúcháin agus theicniúla a bheidh ar fáil do chur chun feidhme *acquis* Schengen agus na sonraí staidrimh do gach réimse meastóireachta.

2. Cuirfidh na Ballstáit a bhfreagraí ar an gceistneoir ar fáil don Choimisiún laistigh de shé seachtaine tar éis dó é a sheoladh chucu. Cuirfidh an Coimisiún na freagraí ar fáil do na Ballstáit eile.

*Airteagal 8*

Clár bliantúil

1. Agus an anailís riosca arna soláthar ag Frontex i gcomhréir le hAirteagal 6 á cur san áireamh, mar aon leis na freagraí ar an gceistneoir dá dtagraítear in Airteagal 7 agus, nuair is iomchuí, foinsí ábhartha eile, bunóidh an Coimisiún clár meastóireachta bliantúil tráth nach déanaí ná an 30 Samhain an bhliain roimhe sin. Féadfar foráil a dhéanamh sa chlár do mheastóireacht ar:

– an *acquis*, nó codanna den *acquis*, á chur i bhfeidhm ag Ballstát amháin, mar atá sonraithe sa chlár ilbhliantúil;

agus, ina theannta sin, i gcás inarb ábhartha:

– codanna sonracha den *acquis* á gcur i bhfeidhm i roinnt Ballstát (meastóireachtaí téamacha);

– an *acquis* á chur i bhfeidhm ag grúpa Ballstát (meastóireachtaí réigiúnacha).

2. Sa chéad chuid den chlár, arna glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2), liostófar na Ballstáit a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu an bhliain ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an gclár ilbhliantúil. Liostófar sa roinn sin na limistéir a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu agus na cuairteanna ar an láthair.

3. Tarraingeoidh an Coimisiún suas dara cuid an chláir agus liostófar inti na cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra a bheidh le cur i gcrích an bhliain ina dhiaidh sin. Measfar gur faoi rún a bheidh an chuid sin agus ní chuirfear in iúl do na Ballstáit é.

4. Féadfar an clár bliantúil a oiriúnú, más gá, i gcomhréir le mír 2 agus mír 3.

*Airteagal 9*

Liosta saineolaithe

1. Ullmhóidh an Coimisiún liosta saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit a bheidh páirteach i gcuairteanna ar an láthair. Cuirfear an liosta chuig na Ballstáit.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl na réimsí saineolais atá ag gach saineolaí maidir leis na réimsí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú a luaithe is féidir.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl cé na saineolaithe a fhéadfar a chur ar fáil do na cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 10(5).

4. Beidh na cáilíochtaí iomchuí ag na saineolaithe, lena n-áirítear sáreolas teoiriciúil agus taithí phraiticiúil sna réimsí a chumhdaítear leis an meicníocht mheastóireachta, chomh maith le heolas fónta ar phrionsabail mheastóireachta, nósanna imeachta meastóireachta agus teicnící meastóireachta, agus beidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i dteanga choiteann.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh a saineolaithe ainmnithe na ceanglais atá sonraithe sa mhír roimhe seo, tríd an oiliúint a fuair na saineolaithe a chur in iúl, mar shampla. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na saineolaithe oiliúint leanúnach chun go leanfaidís de bheith ag comhlíonadh na gceanglas sin.

*Airteagal 10*

Na foirne a bheidh freagrach as cuairteanna ar an láthair

1. Foirne a cheapfaidh an Coimisiún a thabharfaidh cuairteanna ar an láthair. Saineolaithe a roghnófar ón liosta saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 9 agus oifigigh ón gCoimisiún a bheidh sna baill foirne. Áiritheoidh an Coimisiún cothromaíocht gheografach agus inniúlacht na saineolaithe atá ar gach foireann. Ní

fhéadfaidh saineolaithe ó na Ballstáit páirt a ghlacadh i gcuairt ar an láthair sa Bhallstát ina bhfuil siad fostaithe.

2. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar Frontex, Europol, Eurojust nó ar chomhlachtaí ábhartha Eorpacha eile ionadaí a ainmniú chun páirt a ghlacadh mar bhreathnóir le linn cuairte a bhaineann le limistéar arna chumhdach lena sainordú.

3. Ní fhéadfaidh níos mó ná ochtar saineolaí (na breathnóirí san áireamh) a bheith páirteach sna cuairteanna meastóireachta i gcás cuairteanna ar an láthair a dtugtar réamhfhógra ina leith, agus ní fhéadfaidh níos mó ná seisear a bheith páirteach i gcás cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra.

4. I gcás cuairteanna le réamhfhógra, cuirfidh an Coimisiún fógra chuig na Ballstáit ar ceapadh a saineolaithe i gcomhréir le mír 1 tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh dháta sceidealaithe na cuairte ar an láthair. Deimhneoidh na Ballstáit, laistigh de sheachtain, an mbeidh na saineolaithe ar fáil.

5. I gcás cuairteanna gan réamhfhógra, cuirfidh an Coimisiún fógra chuig na Ballstáit ar ceapadh a saineolaithe i gcomhréir le mír 1 tráth nach déanaí ná seachtain amháin roimh dháta sceidealaithe na cuairte ar an láthair. Deimhneoidh na Ballstáit, laistigh de 48 uair a chloig, an mbeidh na saineolaithe ar fáil.

6. Is iad na príomh-shaineolaithe a bheidh ann i gcás cuairteanna ar an láthair, oifigeach ón gCoimisiún agus saineolaí ó Bhallstát arna gceapadh ag baill na foirne saineolaithe, i gcomhairle le chéile, roimh an gcuairt ar an láthair.

*Airteagal 11*

Cuairteanna ar an láthair

1. Déanfaidh foirne na cuairte ar an láthair na gníomhaíochtaí ullmhúcháin go léir is gá d'fhonn éifeachtúlacht, cruinneas agus comhsheasmhacht na gcuairteanna ar an láthair a áirithiú.

2. Tabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann:

– ar a laghad dhá mhí roimh dháta sceidealaithe na cuairte ar an láthair le réamhfhógra;

– ar a laghad 48 uair a chloig roimh dháta sceidealaithe na cuairte ar an láthair gan réamhfhógra.

3. Beidh cárta aitheantais ag gach ball d'fhoireann na cuairte ar an láthair lena n-údarófar dóibh cuairteanna ar an láthair a dhéanamh thar ceann an Aontais Eorpaigh.

4. Áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go bhféadfaidh an fhoireann saineolaithe dul i dteagmháil go díreach leis na daoine ábhartha. Áiritheoidh an Ballstát go mbeidh rochtain ag an bhfoireann ar na limistéir ar fad, ar na háitribh ar fad agus ar na doiciméid ar fad a mbeidh gá leo don mheastóireacht. Áiritheoidh an Ballstát go

bhféadfaidh an fhoireann a sainordú a fheidhmiú chun na gníomhaíochtaí a fhíorú sna limistéir a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu.

5. Cabhróidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhealach ar bith atá laistigh dá chumhachtaí dlíthiúla, leis an bhfoireann chun a cúram a chur i gcrích.

6. I gcás cuairteanna ar an láthair le réamhfhógra, déanfaidh an Coimisiún ainmneacha shaineolaithe na foirne a chur ar fáil roimh ré do na Ballstáit ábhartha. Ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann pointe teagmhála chun na socruithe praiticiúla a dhéanamh maidir leis an gcuairt ar an láthair.

7. Beidh sé de chúram ar na Ballstáit na socruithe taistil agus cóiríochta a dhéanamh dá gcuid saineolaithe. Cúiteoidh an Coimisiún na costais taistil agus chóiríochta do na saineolaithe a bheidh páirteach sna cuairteanna.

*Airteagal 12*

Saorghluaiseacht daoine ag teorainneacha inmheánacha a fhíorú

D'ainneoin Airteagal 10, is oifigigh ón gCoimisiún amháin a bheidh ar fhoirne na gcuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra, ar foirne iad a fhíoróidh nach bhfuil rialuithe ar theorainneacha inmheánacha .

*Airteagal 13*

Tuarascálacha meastóireachta

1. Tarraingeofar tuarascáil suas tar éis gach meastóireachta. Ar thorthaí na cuairte ar an láthair agus ar an gceistneoir, de réir mar is ábhartha, a bhunófar an tuarascáil.

   (a) Más ar an gceistneoir nó ar an gcuairt gan réamhfhógra amháin atá an mheastóireacht bunaithe, is é an Coimisiún a tharraingeoidh suas an tuarascáil;

   (b) I gcás cuairteanna ar an láthair le réamhfhógra, is í an fhoireann a tharraingeoidh suas an tuarascáil le linn na cuairte. Is ar oifigeach an Choimisiúin a bheidh an fhreagracht iomlán as an tuarascáil a dhréachtú agus as a sláine agus a cáilíocht a áirithiú. I gcás easaontú, déanfaidh an fhoireann gach iarracht teacht ar chomhréiteach. Féadfar ábhar na n-easaontuithe a áireamh sa tuarascáil.

2. Déanfar anailís sa tuarascáil ar na gnéithe cáilíochtúla, cainníochtúla, oibríochtúla, agus ar na gnéithe riaracháin agus eagraíochtúla, de réir mar is iomchuí, agus liostófar inti aon easnamh nó laige a shuífear le linn na meastóireachta. Beidh moltaí sa tuarascáil maidir le gníomhaíocht feabhais agus maidir le spriocdhátaí chun iad a chur chun feidhme.

3. Aicmeofar gach toradh sa tuarascáil faoi cheann acu seo a leanas:

   (a) comhlíontach;

   (b) comhlíontach ach gá le feabhas;

(c) neamhchomhlíontach.

4. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil chuig an mBallstát lena mbaineann laistigh de shé seachtaine ón gcuairt ar an láthair nó ón am a fhaightear na freagraí ar an gceistneoir, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann a bharúlacha ar an tuarascáil a chur ar fáil laistigh de choicís.

5. Cuirfidh saineolaí ón gCoimisiún an tuarascáil agus an freagra ón mBallstát faoi bhráid an choiste arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 15. Iarrfar ar na Ballstáit a mbarúlacha a thabhairt ar na freagraí ar an gceistneoir, ar an tuarascáil agus ar bharúlacha an Bhallstáit lena mbaineann.

Glacfaidh an Coimisiún na moltaí a phléann le haicmiú na dtorthaí dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

Laistigh de mhí amháin tar éis an tuarascáil a ghlacadh, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann plean gníomhaíochta ar fáil don Choimisiún chun aon laige arna haithint a réiteach.

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an bhfoireann saineolaithe, cuirfidh an Coimisiún a mheasúnú ar leordhóthanacht an phlean gníomhaíochta faoi bhráid an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 15. Iarrfar ar na Ballstáit a mbarúlacha a thabhairt ar an bplean gníomhaíochta.

6. Tuairisceoidh an Ballstát lena mbaineann don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta laistigh de shé mhí tar éis an tuarascáil a fháil, agus leanfaidh sé d'amhlaidh a dhéanamh gach trí mhí go dtí go mbeidh an plean gníomhaíochta curtha chun feidhme ina iomláine. I bhfianaise a thromchúisí atá na laigí a sainaithníodh agus ar na bearta a rinneadh chun iad a réiteach, féadfaidh an Coimisiún cuairteanna le réamhfhógra a sceidealú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2) chun cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a fhíorú. Féadfaidh an Coimisiún cuairteanna ar an láthair gan réamhfhógra a sceidealú freisin.

Cuirfidh an Coimisiún an coiste arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 15 ar an eolas, ar bhonn rialta, faoi chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta.

7. Má léirítear, le linn cuairte ar an láthair, easnamh tromchúiseach a mheastar tionchar suntasach a bheith aige ar leibhéal sabháilteachta ginearálta Ballstáit amháin nó níos mó, cuirfidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin a luaithe is féidir.

*Airteagal 14*

Faisnéis íogair

Measfaidh na foirne gur faoi rún a bheidh aon fhaisnéis a gheobhaidh siad agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas. Na tuarascálacha a tharraingeofar suas tar éis cuairteanna ar an láthair, aicmeofar mar tuarascálacha srianta iad. Cinnfidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, cén chuid den tuarascáil a fhéadfar a phoibliú.

*Airteagal 15*

Coiste

1. Beidh de chúnamh ag an gcoiste ionadaithe ó na Ballstáit, faoi chathaoirleacht ionadaí ón gCoimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 4, 7 agus 8 de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 16*

Forálacha eatramhacha

1. Sé mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, bunófar an chéad chlár ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 5 agus an chéad chlár bhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 8. Aon bhliain amháin tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm is ea dáta tionscnaimh an dá chlár.

2. Déanfar an chéad anailís riosca atá le soláthar ag Frontex i gcomhréir le hAirteagal 6, a chur ar fáil don Choimisiún tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm.

3. Ainmneoidh na Ballstáit a saineolaithe i gcomhréir le hAirteagal 9 tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm.

*Airteagal 17*

Faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na moltaí atá glactha ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13(5).

*Airteagal 18*

Tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na meastóireachtaí arna gcur i gcrích de bhun an Rialacháin seo. Poibleofar an tuarascáil agus beidh faisnéis ann faoin méid seo a leanas:

– na meastóireachtaí a rinneadh le linn na bliana roimhe sin, agus

– na conclúidí ó gach meastóireacht agus an dul chun cinn atá déanta i leith na gníomhaíochta feabhais.

*Airteagal 19*

Aisghairm

Aon bhliain amháin tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, aisghairmfear Cuid II den Chinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste maidir le meastóireacht agus maidir le cur chun feidhme Schengen (SCH/Com-ex (98) 26 def.), buanchoiste dar teideal 'an Coiste Cur chun Feidhme do na Stáit a bhfuil an coinbhinsiún á chur i bhfeidhm acu cheana'.

*Airteagal 20*

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh meastóireachtaí Schengen, dá dtagraítear sna hIonstraimí a tugadh i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 21*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL IMPLEACHT BHUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO hEISIACH DON IONCAM**

## 1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le meicníocht mheastóireachta a bhunú chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú

## 2. CREAT "ABM/ABB" (BAINISTIÚ/BUNÚ AN BHUISÉID DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ)

Réimse beartais: Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (Teideal 18)

Gníomhaíochtaí: Dlúthpháirtíocht – Teorainneacha seachtracha, filleadh, beartas maidir le víosaí agus saorghluaiseacht daoine (Caibidil 18.02)

## 3. NA LÍNTE BUISÉID

### 3.1. Línte buiséid (línte oibríochtúla agus línte a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin (na seanlínte B.A.) lena n-áirítear na ceannteidil

Faoi Chaibidil 18.02 (Dlúthpháirtíocht – Teorainneacha seachtracha, filleadh, beartas maidir le víosaí agus saorghluaiseacht daoine), Airteagal 18 02 07 a chruthú dar teideal 'meastóireacht Schengen'*

**Líne buiséid arna cruthú sa DB do 2011*

### 3.2. Fad thréimhse na gníomhaíochta agus an tionchair airgeadais

Tá tús na gníomhaíochta beartaithe do 2011 nó 2012. Beidh sé buan.

### 3.3. Tréithe buiséadacha

| Líne buiséid | Saghas caiteachais | | Nua | Ranníocaíochtaí ó thíortha a mbaineann Schengen leo | Ranníocaíochtaí na dtíortha is iarrthóirí | Ceannteideal sa Pheirspictíocht Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Féach 3.1 | Neamhéigeantach | Difreáilte[23] | TÁ | TÁ | NO | **Uimh.** [3A] |

[23] Leithreasaí difreáilte.

## 4. ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

### 4.1. Acmhainní airgeadais

*4.1.1. Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Saghas caiteachais** | Uimh. c oda | | Bliain 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | n + 4 | n + 5 agus níos déanaí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas oibríochtúil**[24] | | | | | | | | | |
| Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) | 8.1. | a | p.m. | 0.562 | 0.730 | 0.730 | | | |
| Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ) | | b | | | | | | | |
| **Caiteachas riaracháin laistigh den mhéid tagartha**[25] | | | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin – (LN) | 8.2.4. | c | | | | | | | |
| **AN MÉID TAGARTHA IOMLÁN** | | | | | | | | | |
| **Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí** | | a+c | p.m. | 0.562 | 0.730 | 0.730 | | | |
| **Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí** | | b+c | p.m. | 0.562 | 0.730 | 0.730 | | | |
| **Caiteachas riaracháin <u>nach</u> n-áirítear sa mhéid tagartha**[26] | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (LN) | 8.2.5. | d | 0.122 | 0.610 | 0.854 | 0.854 | | | |
| Speansais riaracháin, amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (LN) | 8.2.6. | e | p.m. | 0.065 | 0.097 | 0.097 | | | |

24 Caiteachas nach dtagann faoi Chaibidil xx 01 de Theideal xx.
25 Caiteachas laistigh d'Airteagal xx 01 04 de Theideal xx.
26 Caiteachas laistigh de Caibidil xx 01 seachas Airteagal xx 01 04 nó Airteagal xx 01 05.

**Costas táscach iomlán ar an idirghabháil i dtéarmaí airgeadais**

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **LO IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | a+ c+ d+ e | 0.122 | 1.237 | 1.681 | 1.681 | | | |
| **LÍ IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | b+ c+ d+ e | 0.122 | 1.237 | 1.681 | 1.681 | | | |

**Sonraí an Chómhaoinithe**

Má tá cómhaoiniú ó na Ballstáit nó ó chomhlachtaí eile (sonraigh cé hiad) i gceist sa togra, ba cheart meastachán a thabhairt ar an leibhéal cómhaoinithe sa tábla thíos (is féidir línte breise a chur leis má táthar ag súil go mbeidh comhlachtaí éagsúla páirteach sa chómhaoiniú):

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Comhlacht cómhaoinithe | | Bliain n | n + 1 | n + 2 | n + 3 | n + 4 | n+5 agus níos déanaí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| …………………… | f | | | | | | | |
| LO IOMLÁN lena n-áirítear cómhaoiniú | a+c +d +e +f | | | | | | | |

4.1.2. *Comhoiriúnacht leis an gclárú airgeadais*

☑ Tá an togra comhoiriúnach leis an gclárú airgeadais atá ann cheana[27]. **Más gá, cuirfear leithreasaí airgeadais do 2011 ar fáil trí bhíthin aistriú laistigh de Chaibidil 18.02.**

☐ Beidh athchlárú an teidil ábhartha ag gabháil leis an togra seo sa pheirspictíocht airgeadais.

☐ Féadfaidh an togra a cheangal go mbeidh gá forálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh[28] a chur i bhfeidhm (i.e. ionstraim sholúbthachta nó athbhreithniú ar an gcreat airgeadais).

4.1.3. *Tionchar airgeadais ar ioncam*

☑ Tá tionchar airgeadais ag an togra seo – is é seo a leanas an éifeacht ar ioncam:

[27] Leanfar leis an meicníocht mheastóireachta a chur chun feidhme tar éis na bliana airgeadais 2013.
[28] Féach pointe 19 agus pointe 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

Cuireann an togra seo le *acquis* Schengen, mar atá sainmhínithe i gCinneadh 1999/437/CE ón gComhairle. Íocann tíortha nach bhfuil san AE ach a bhfuil comhlachas acu le *acquis* Schengen, an Íoslainn agus an Iorua[29], agus freisin an Eilvéis[30] agus Lichtinstéin[31], roinnt de na costais dá bhrí sin.

EUR milliún (go dtí an 1ú deachúil)

| | | Roimh ghníomhaíocht [Bliain n n-1] | Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne buiséid | Ioncam | | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | [n+4] | [n+5][32] |
| 18.02.XX | *a) Ioncam mar ghlanfhigiúr* | | p.m. | 0.07 | 0.1 | 0.11 | | |
| | *b) Athrú ar ioncam* | *Δ* | | | | | | |

## 4.2. Acmhainní daonna FTE (lena n-áirítear oifigigh, foireann shealadach agus sheachtrach) – féach ar na sonraí faoi phointe 8.2.1.

Beidh an riachtanas maidir le hacmhainní daonna agus riaracháin clúdaithe ón leithdháileadh arna dheonú don tseirbhís bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta um leithdháileadh bliantúil.

| **Riachtanais Bhliantúla** | Bliain 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | n + 4 | n+5 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na n-acmhainní daonna | 1 | 5 | 7 | 7 | | |

29 An mhír dheireanach d'Airteagal 12(1) den Chomhaontú idir an Chomhairle agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen (IO L 176, 10.7.1999, lch.36).

30 An dara mír d'Airteagal 11(3) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen (*IO L 53, 27.2.2008, lch. 50*).

31 Airteagal 3 den Phrótacal idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt acquis Schengen (*IO L 83, 26.3.2008, lch. 3*).

32 Ba cheart colúin bhreise a chur leis más gá i.e. más faide na sé bliana tréimhse na gníomhaíochta .

## 5. SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ

### 5.1. An riachtanas is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

I bhfianaise bhunús idir-rialtais *acquis* Schengen, cuirtear meicníocht mheastóireachta reatha Schengen de chúram ar an gComhairle. Is ar bhuiséid náisiúnta na mBallstát a bhfuil a saineolaithe páirteach sna meastóireachtaí a bheidh na costais a thabhaítear le linn na meastóireachtaí. Tar éis *acquis* Schengen a chomhtháthú i gcreat an Aontais Eorpaigh, is gá freisin creat dlí a sholáthar inar féidir na meastóireachtaí sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ar bhuiséad an AE a bheidh na costais a thabhaítear i leith na meicníochta sin, go háirithe maidir le rannpháirtíocht na saineolaithe ó na Ballstáit (aisíocaíocht costas taistil agus cóiríochta le linn na gcuairteanna ar an toirt). Leanfaidh buiséad an Bhallstáit lena mbaineann de bheith ag íoc as liúntas laethúil shaineolaithe na mBallstát.

### 5.2. An breisluach toisc an tAontas a bheith páirteach ann agus comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Chun limistéar Schengen a choimeád mar limistéar saorghluaiseachta gan rialuithe ar theorainneacha inmheánacha, táthar ag brath ar mheicníocht éifeachtach éifeachtúil chun meastóireacht a dhéanamh ar na bearta tionlacain. Tá sé riachtanach meastóireacht idir-rialtais Schengen a oiriúnú do chreat an AE, áit a ghlacfaidh an Coimisiún, ina cháil mar chaomhnóir na gConarthaí, a fhreagrachtaí agus é ag áirithiú rannpháirtíocht shaineolaithe na mBallstát, d'fhonn muinín fhrithpháirteach eatarthu a chothú.

### 5.3. Cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí gaolmhara an togra i gcomhthéacs an chreata le haghaidh bhainistiú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí (ABM)

Is é an cuspóir ginearálta, *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go cuí i ngach limistéar arna chumhdach ag na bearta tionlacain sa chaoi is go bhféadfar limistéar gan rialuithe ar theorainneacha inmheánacha a chothú.

Gníomhaíocht 1: Meastóireacht, trí bhíthin cuairteanna ar an toirt nó trí cheistneoirí, a chumhdóidh na réimsí beartais seo a leanas: teorainneacha seachtracha, víosaí, comhar póilíneachta ag teorainneacha inmheánacha, Córas Faisnéise Schengen, cosaint sonraí, drugaí agus comhar breithiúnach i gcúrsaí coiriúla.

Táscaire: Measúnú ar chur i bhfeidhm cuí an *acquis* sna tuarascálacha (comhlíontach ina iomláine, comhlíontach ach feabhas ag teastáil nó neamhchomhlíontach).

Gníomhaíocht 2: Meastóireacht trí bhíthin cuairteanna ar an toirt gan réamhfhógra.

Táscaire: Measúnú ar chur i bhfeidhm cuí an *acquis* d'fhonn easnaimh shonracha a réiteach. Cruthófar tuarascáil tar éis gach cuairte chun comhlíonadh le dlí an AE a léiriú.

**5.4. Modhanna don chur chun feidhme (táscach)**

☑ ***Bainistiú láraithe***

☑ ag an gCoimisiún go díreach

☐ go hindíreach trína tharmligean chuig:

☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail dá dtagraítear in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais

☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misin de sheirbhís phoiblí acu

☐ ***Bainistiú comhpháirteach nó díláraithe***

☐ leis na Ballstáit

☐ le tíortha nach bhfuil san AE

☐ ***Comhbhainistiú le heagraíochtaí idirnáisiúnta (sonraigh le do thoil)***

Barúlacha ábhartha:

# 6. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

## 6.1. Córas Monatóireachta

Déanann an Rialachán atá beartaithe foráil do mheicníocht mheastóireachta a bhunú chun cur i bhfeidhm cuí *acquis* Schengen a fhíorú. Déanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm cuí an *acquis* sna tuarascálacha meastóireachta, agus léireofar leibhéal an chomhlíonta. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

## 6.2. Meastóireacht

*6.2.1. Meastóireacht ex ante*

*6.2.2. Bearta arna nglacadh tar éis meastóireachta idirmheánaí/ex-post (ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil a fuarthas roimhe seo)*

*6.2.3. Téarmaí agus minicíocht meastóireachta sa todhchaí*

# 7. BEARTA FRITHCHALAOISE

D'fhonn calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag Rialachán (CE) Uimh. 1037/1999 maidir leis an meicníocht seo.

## 8. SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

### 8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Saghas aschuir | Meánchostas | Bliain 2011 | | Bliain 2012 | | Bliain 2013 | | Bliain 2014 | | Bliain n + 4 | | Bliain n + 5 agus níos déanaí | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh. 1[33] Cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Gníomhaíocht 1** **Cuairteanna meastóireachta le réamhfhógra** (Saineolaithe na mBallstát + saineolaithe an Choimisiúin) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur 1: misean | | 0.0024 | p.m. | p.m. | 200 | 0.480 | 240 | 0.576 | 240 | 0.576 | | | | | | |
| Trealamh TF | | | | p.m. | | 0.010 | | 0.010 | | 0.010 | | | | | | |
| **Gníomhaíocht 2** **Cuairteanna meastóireachta gan réamhfhógra** (Saineolaithe na mBallstát + saineolaithe an Choimisiúin) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur 1: misean | | 0.0024 | p.m. | p.m. | 30 | 0.072 | 60 | 0.144 | 60 | 0.144 | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | 2 | | 0.730 | | 0.730 | | | | | | |

33 Mar a thuairiscítear i Roinn 5.3

Ríomh:
Gníomhaíocht 1: Misin: Do dhuine amháin in aghaidh na seachtaine x EUR 2400 x 25 misean an chéad bhliain agus 30 misean gach bliain ina dhiaidh sin (8 saineolaí ar gach misean)
Trealamh TF is gá don chuairt ar an toirt (ríomhaire glúine etc.).
Gníomhaíocht 2: Misin: Do dhuine amháin in aghaidh na seachtaine x EUR 2400 x 5 chuairt gan réamhfhógra an chéad bhliain agus 10 gcuairt gan réamhfhógra gach bliain ina dhiaidh sin (6 saineolaí ar gach misean).

Táthar ag súil go gcumhdóidh an leithreasú seo an caiteachas maidir le painéal saineolaithe a bhunú agus a fheidhmiú chun cur i bhfeidhm cuí *acquis* Schengen ag na Ballstáit a sheiceáil. Áirítear leis an gcaiteachas sin costais taistil shaineolaithe an Choimisiúin agus shaineolaithe na mBallstát a thabhaítear i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos sna rialacháin. Ní mór costas na soláthairtí atá ag teastáil don chuairt ar an toirt, e.g. ríomhaire glúine chun an tuarascáil a dhréachtú, a chur leis na costais sin.

## 8.2. Caiteachas Riaracháin

Cumhdófar an gá atá le hacmhainní daonna agus riaracháin leis an leithdháileadh is féidir a dheonú don ard-stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta sa nós imeachta leithdháilte bliantúil i bhfianaise srianta buiséadacha.

### *8.2.1. Líon agus saghas acmhainní daonna*

| Saghsanna post | | Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an ghníomhaíocht a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise (**an líon post/FTEanna**) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain n+4 | Bliain n + 5 |
| Oifigigh nó foireann shealadach[34] (XX 01 01) | A*/AD | 1 | 4 | 6 | 6 | | |
| | B*, C*/AST | | 1 | 1 | 1 | | |
| Foireann arna maoiniú[35] ag Airteagal XX 01 02 | | | | | | | |
| Foireann eile[36] arna maoiniú ag Airteagal XX 01 04/05 | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 1 | 5 | 7 | 7 | | |

### *8.2.2. Cur síos ar na cúraimí a thagann as an ngníomhaíocht*

### *8.2.3. Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)*

✓ Poist leithdháilte faoi láthair ar bhainistiú an chláir agus a bheidh le hathrú nó le síneadh (1)

☐ Poist leithdháilte roimh ré laistigh de chleachtadh APS/PDB don bhliain 2010

✓ Poist a iarrfar sa chéad nós imeachta APS/PDB eile (2 cheann do 2012 agus ceann amháin do 2013)

✓ Poist a ath-imlonnófar ag baint úsáide as na hacmhainní atá ann cheana laistigh den tseirbhís bhainistíochta (ath-imlonnú inmheánach) (3)

☐ Poist is gá do bhliain n cé nach ndearnadh foráil dóibh i gcleachtadh APS/PDB na bliana a bhí i gceist

---

34 Costas NACH bhfuil clúdaithe sa mhéid tagartha.
35 Costas NACH bhfuil clúdaithe sa mhéid tagartha.
36 Costas atá clúdaithe sa mhéid tagartha.

I bhfianaise na srianta buiséadacha atá nasctha le tiomantas reatha an Choimisiúin gan poist nua a iarraidh go dtí 2013, is iad foireann na hard-stiúrthóireachta atá sannta cheana féin don ghníomhaíocht a bhainistiú agus/nó a ath-imlonnaíodh laistigh den ard-stiúrthóireacht a chomhlíonfaidh na dualgais atá de dhith i dtaobh acmhainní daonna, mar aon le leithdháileadh breise ar bith a fhéadfaidh a dheonú ar an ard-stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoin nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil.

*8.2.4. Caiteachas eile riaracháin a áirítear sa mhéid tagartha (XX 01 04/05 – Caiteachas ar bhainistiú riaracháin)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid<br><br>(uimhir agus ceannteideal) | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n + 5 agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 Cúnamh teicniúil agus riaracháin (lena n-áirítear costais a bhaineann le foireann)** | | | | | | | |
| Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin[37] | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin eile | | | | | | | |
| - *intra muros* | | | | | | | |
| - *extra muros* | | | | | | | |
| **Cúnamh teicniúil agus riaracháin iomlán** | | | | | | | |

37 Ba cheart tagairt a dhéanamh don ráiteas airgeadais reachtach sonrach le haghaidh na Gníomhaireachta/na nGníomhaireachtaí Feidhmiúcháin lena mbaineann.

*8.2.5. Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Saghas acmhainní daonna | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain n+4 | Bliain n+5<br><br>agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01) | 1 | 5 | 7 | 7 | | |
| Foireann arna maoiniú ag Airteagal XX 01 02 (foireann chúnta, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, foireann ar conradh, etc.)<br><br>(sonraigh an líne buiséid) | | | | | | |
| **Costas iomlán na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | **0.122** | **0.610** | **0.854** | **0.854** | | |

| |
|---|
| **Ríomh –** *Oifigigh agus gníomhairí sealadacha* |

| |
|---|
| **Ríomh –** *Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02* |

*8.2.6. Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain n+4 | Bliain n + 5 agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 02 11 01 – Misin | | | | | | | |
| XX 01 02 11 02 – Cruinnithe agus comhdhálacha | | | | | | | |
| XX 01 02 11 03 Coistí[38](Nós imeachta bainistíochta) | p.m. | 0,065 | 0,097 | 0,097 | | | |
| XX 01 02 11 04 – Staidéir agus comhairliúcháin | | | | | | | |
| XX 01 02 11 05 – Córais Faisnéise | | | | | | | |
| **2 Caiteachas bainistíochta iomlán eile (XX 01 02 11)** | p.m. | 0.065 | 0.097 | 0.097 | | | |
| **3 Caiteachas eile de chineál riaracháin** (sonraigh agus cuir isteach tagairt don líne buiséid) | | | | | | | |
| **Iomlán an chaiteachais riaracháin cé is moite d'acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | p.m. | 0.065 | 0.097 | 0.097 | | | |

**Ríomh –** *Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

Modh ríomha: 27 ball (duine in aghaidh gach Ballstát)* 600 EUR/an duine* 4 chruinniú sa chéad bhliain agus 6 chruinniú gach bliain ina dhiaidh sin.

38 Sonraigh an saghas coiste agus an grúpa a mbaineann sé leis.